

Tidy Towns Competition 2026

Adjudication Report

Centre:	Béal an Mhuirthead - Béal an Mhuirthead	Ref:	507
County:	Mayo	Mark:	400
Category:	C	Date(s):	06/07/2026

	Maximum Mark	Mark Awarded 2025	Mark Awarded 2026
Community – Your Planning and Involvement	80	61	63
Streetscape & Public Places	80	51	53
Green Spaces and Landscaping	80	55	57
Nature and Biodiversity in your Locality	80	48	50
Sustainability – Doing more with less	80	25	26
Tidiness and Litter Control	90	68	70
Residential Streets & Housing Areas	55	37	38
Approach Roads, Streets & Lanes	55	42	43
TOTAL MARK	600	387	400

Community – Your Planning and Involvement / An Pobal - Pleanáil agus Rannpháirtíocht:

Fáilte go Comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2026. Go raibh maith agaibh as bhur n-iarratas a chur isteach. Maith sibh as an obair atá déanta agaibh in bhur gceantar go dtí seo - guíonn muid gach rath oraibh in bhur dtionscadail amach anseo. Ádh mór.

An-sásta fáilte a chur romhaibh in bhur 44ú bliain sa chomórtas. Thug sé ardú croí dúinn nuair a léigh muid go raibh sibh in ann áiseanna a fhorbairt, feasacht ar an chomhshaol a fhás laistigh de do phobal agus, rud an-tábhachtach, ionchuimsiú sóisialta a leathnú, de bharr bhur rannpháirtíochta sa chomórtas i gcaitheamh na mblianta. Is buntáiste iad na 12 ball ar bhur gcoiste, a d'inis sibh dúinn, toisc réimse scileanna a bheith ina measc atá tairbheach do bhur gclár oibre. Ina theannta sin, is féidir libh suas le 100 oibrí deonacha a thionól, a léiríonn go maith bhur gcumas spreagtha. Tá sárlíonra tacaíochta agaibh, amhail gníomhaireachtaí stáit, Solas, Tús, Comhairle Contae Mhaigh Eo, agus seirbhísí pobail agus grúpaí gnó áitiúla. Léigh muid go ndíríonn sibh ar bhur ndaoine óga a thabhairt isteach, ar infheistíocht iontach é sin, agus a bhfuil an-spraoi i gceist leis freisin, gan amhras. Baineann sibh úsáid as an iliomad cainéal chun cumarsáide, le teagmháil laethúil agus leathanach Facebook an-bhríomhar. Maith sibh. Tá cuma bhreá ar bhur bhfoirm iarratais, agus aithníonn muid go ndearna sibh iarracht é a dhéanamh níos achoimre fós. Míle buíochas as na léaráidí ar fad, a thaispeáin bhur n-obair ar feadh na bliana freisin. Tá bhur bplean dírithe go maith, agus ádh mór le bhur dtionscadal ar fad a chur chun tosaigh amach anseo. Roghnaigh sibh bhur dTaispeántas 'Measc na mBláth' mar bhur saintionscadail, ar taispeántas grianghrafadóireachta é inar léiríodh bhur mbéim láidir ar bhur n-oidhreacht nádúrtha áitiúil, agus lenar bhuaigh sibh Gradam Bithéagsúlachta an Mhéara – comhghairdeas. Is oth linn nach raibh sé ar taispeáint fós, ach is léir gur éirigh go hiontach leis agus gur suaitheantas bróid pobail in bhur dtimpeallacht álainn a bhí ann.

Streetscape & Public Places / Sráid-Dreach & Áiteanna Poiblí:

Toisc gurbh é seo ár gcéad chuairt ar Bhéal an Mhuirthead chuir muid an-suim ina oidhreacht thógtha, nádúrtha, agus stairiúil. Is léir dúinn, cé nach bhfuil ach beagán thar 1,000 duine ina gcónaí in bhur mbaile, feidhmíonn sibh mar láthair sheirbhíse do leithinis Iorrais. Fágann sé seo go bhfuil sráid-dreach mór agus oidhreacht tráchtála ann, a bhfuil tithe foilme agus dearóilí ina ndúshláin dóibh le himeacht ama. Mar sin féin, b'iontach an rud é go bhfuil athrú ag teacht air seo in áiteanna le tógáil agus athchóiriú nua, in éineacht le hinfeistíochtaí sa réimse phoiblí. Chonaic muid tithíocht tagartha nua agus ba chúis áthais dúinn foirgneamh nua Foróige a fheiceáil, An Cosán, ar foirgneamh athchóirithe é le suíomh den scoth ar an chanáil. Chonaic muid ar bhur bhfógra pleanála gur chuir sé seo tús leis an rochtain fheabhsaithe a beartaíodh don láthair chonláistí anseo freisin. Bhí cuma shlachtmhar ar cheantar na nDugaí freisin leis an infheistíocht a rinneadh le déanaí sa tírdhreachú crua/bog, comharthaíocht, ráille páirceála do veaineanna campála, agus suíocháin atá os comhair a chéile, bhí fáilte roimh an athrú seo! Bhí cuma ghalánta ar na gairdíní báistí. Bhí an iliomad aghaidheanna siopaí deasa freisin, ar nós The Cake Queen, Flower

Box, Hegarthy's, The Hospice Shop, The Bike Café, Cois Cuain agus dar ndóigh b'iontach an rud é bhur n-áitreabh féin a fheiceáil freisin. Is maith an rud é go bhfuil Shevlin's sa bhaile fós, tá súil againn go gcuirfear suim nua sa tsean-áitreabh. Teastaíonn cóta péinte úr ó Bhanc na hÉireann, áfach. Thaitin dealbh Críost Rí linn ar bhur dtailte eaglaise, a bhí dea-choimeáda. Bhí ábhar machnaimh le léamh ar na painéil atá crochta agaibh ar roinnt fuinneog siopaí foilmhe. Lenár gculaith snámha sa charr ach an t-am inár n-éadan, níor éirigh linn úsáid a bhaint as an linn taoide ar ár gcuairt uirthi, faraor. Acmhainn ghalánta ar leith atá inti le garda tarrthála, seomra allais agus both caifé, agus ceangail mhaithe ann do choisithe. Is sainiúil an fhéiniúlacht atá ag an áit leis an mhúrphictiúr agus an téama, maith sibh as iad sin a thabhairt i gcrích. Tá sé ar aon dul leis na múrphictiúir iontacha eile sa bhaile, an ceann taibhseach sa chúirt liathróide láimhe san áireamh. Áit ghalánta í bhur bPáirc Bheo, in aice le bhur n-ionad cathartha. Tá bailiúchán na n-áiseanna iontacha pobail, cathartha agus fóillíochta seo ag teacht go maith le dea-phleanáil uirbeach agus inbhuanaitheacht. Bhí an áit beo le gníomhaíocht agus le daoine de gach aois, agus ba léir an aire mhaith a thugtar di. Is dócha gur mó an bheocht atá sa bhaile de bharr na dtrí scoil freisin. B'aoibhinn linn dealbh an bháid atá neadaithe sa leaba plandaí in aice na bunscoile. Thug muid faoi deara gur athchóiríodh na plátaí sráidainmneacha – rinne sibh sár-jab. D'inis sibh dúinn faoi na pleananna don tsean-ché agus láthair phicnic, tá an-rómánsúlacht ag baint leis. Biodh foighne oraibh, ar a laghad tá maoiniú faighte agaibh i gcomhair athchóirithe. Ádh mór leis na pleananna don Sean Teic freisin.

Green Spaces and Landscaping / Spásanna Glasa agus Tírdhreachú:

Is cúis iontais gur léir bhur 60 planda potaithe agus 45 soitheach plandaí ar fud na háite. Is dócha go bhfuil lear mór oibre i gceist leo. Díol suntais a bhí sa mheascán nach beag de speicis shíoraí atá fabhrach do phailneoirí ar bhur láithreacha plandaithe. Bhí muid an-tógtha go háirithe leis an bhrúach ghalánta in aice an mhoil athchúrsála agus an dá leaba ag acomhal Bhóthair an Bhaile Ghlais agus an leaba atá ag teacht faoi bhláth ar Shráid Mheiriceá lasmuigh den tithíocht nua. Is móthaibhseach an taispeántas atá ag an timpeallán ag An Cearnóg. Ar an mhógóir, cuireadh bhur meascán speiceas, dathanna agus méideanna le chéile chomh héifeachtach agus is féidir, agus san iliomad áiteanna chun tacú le pailniú. D'inis sibh dúinn faoi bhur sceideal plandaithe crann atá ag leanúint ar aghaidh laistigh de láithreacha tithíochta agus scoile. An-scór ar fad é 500 i ndiaidh trí bliana, agus níl deireadh leis go fóill. B'aoibhinn linn bhur dtionscadal Chúinne an Ghiorria ag Cnoc an Chrotaigh, d'inis sibh dúinn faoi bhur n-obair leanúnach anseo ar acmhainn shármhaith í don phobal, agus an-inrochtana. Seoidín é an Gairdín Féileacán, amhail bhur meascán d'fhilíocht agus plandú agus an nasc cineálta leis an eagraíocht Féileacáin. Tá gnáthóg mhaith d'fheithidí á spreagadh leis an lomadh shrianta, agus feiceann muid go ndéanann sibh bhur scotháin féir a mhúiríniú freisin. Tugann an suíochán nua deis chun fanacht san áit, mar a bhí duine de bhunadh na háite ag déanamh. Is spás taitneamhachta maith í an chonair leathfhiáin atá in aice leis, agus chuir muid spéis sna tíolachtaí comórtha agus tírdhreachú gaolmhar, soitheach plandaí breá mór agus tuilleadh suíochán. Thagair sibh do rath bhur niamhscothanna, agus is fíor go dtugann siad cóta datha iontach agus go bhfuil ag éirí thar barr leo gach áit in bhur dtírdhreach nochta. D'inis sibh dúinn go bhfuil comhar tairbheach agaibh le hionad faoisimh Western Care, a n-úsáideann sibh a bpolathollán agus a dtacaíonn sibh lena ngairdín mar chúiteamh leo. Is iontach an sampla é den phobal ag obair le chéile go hionchuimsitheach. Is léir é seo ó bhur ngairdín Naomh Bríd, a mbaineann AslAm tairbhe as agus atá deartha ar bhealach atá fabhrach dóibh siúd le huathachas, mar a luaigh sibh. Tá fás ag teacht ar bhur n-eachtra tírdhreacha inite le bhur n-úlloird agus an gairdín luibheanna deas ar Bhóthar na hEaglaise, inar thug muid faoi deara bhur ngleoráin ag fás ar imeall an bhealaigh.

Nature and Biodiversity in your Locality / An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht i do cheantar:

Tá fios maith agaibh gur gné fhíorthábhachtach de bhainistíocht bhithéagsúlachta é feachtas a chothú i measc na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sa cheantar, agus i measc cuairteoirí chun an cheantair sin. Ina leith seo, d'inis sibh dúinn faoin iliomad imeachtaí a óstálann sibh nó a nglacann sibh páirt iontu, ar nós Seachtain na Bithéagsúlachta, Bioblitz le siúlóidí agus cainteanna. Cuairteanna meánoiche le traonaigh a fheiceáil i bPáirc Néifinne mar chuid de thionscadal LIFE. Tá bród faoi leith agaibh in bhur n-obair mar a bhaineann sé leis an Bhumbóg Bhuí Mhór a bheith i láthair ar leithinis Iorrais, arb iontas é toisc gurb iad bumbóga na pailneoirí fiáine is tábhachtaí in Éirinn. Ba ghníomh cruthaitheach oideachasúil bhur leabhar a fhoilsíu agus scéim foghlama ina thaobh seo a chruthú do pháistí. Tá cónaí oraibh i dtimpeallacht nádúrtha ghalánta, arna haithint le hainmníúcháin Natura 2000 an Aontais Eorpaigh agus le haicmithe náisiúnta freisin. Ina leith seo, aithníonn sibh gur cheart go spreagfar pobal Bhéal an Mhuirthead úinéireacht a mhothú ar oidhreacht shaibhir nádúrtha an bhaile. Mar is eol daoibh, cruthaítear díograis i leith cosanta agus feabhsaithe le húinéireacht. Mar chuid de churaclam gníomhaithe aeráide bhur scoláirí Idirbhliana, a d'inis sibh dúinn, forbraítear úllord beag agus gairdín luibheanna, bailítear bruscar agus cuirtear bleibíní san earrach. Mar bhaile slachtmhar, tá bhur scéimeanna plandaithe aistrithe agaibh go speicis atá fabhrach do phailneoirí, tá tuilleadh ilbhliantóg curtha agaibh agus mhéadaigh sibh na scéimeanna talún, murab ionann agus scéimeanna i soithí plandaí, ar léir iad ar fad ónár gcuairt. Bainistíonn sibh bhur gcóras lomtha féir i bpaistí rothlaithe agus tacaíonn sibh le Cúinne Giorria. D'inis sibh dúinn gur ghlac sibh cur chuige struchtúrtha chun spásanna dá leithéid a fhorbairt, agus thaispeáin sibh léarscáil díobh seo agus de spásanna fiáine a bheidh in bhur bpobal amach anseo. Ábhar iontais a bhí in bhur bhFeirm Bhaile agus bhur bPáirc Bhaile, atá an-oscailte don phobal, agus atá sibh ag síorshaibhriú le gnáthóga agus pailneoirí. D'inis sibh faoi shuímh ina spreagann sibh úsáid aip FIT Count agus monatóireacht beach chun rannpháirtíocht saoránach san eolaíocht a mhéadú. B'fhéidir go n-inseoidh sibh dúinn an bhliain seo chugainn faoinar fhoghlaím sibh ón mhonatóireacht faoi na hathruithe sa bhithéagsúlacht in bhur gceantar. Tá súil againn go mbeidh saibhirí ann mar thoradh bhur sárbhe.

Sustainability – Doing more with less / Inmharthanacht - Mórán ar an mbeagán:

Chun a bheith inbhuanaithe, ní mór ceisteanna comhshaoil a neadú inár ngníomhartha. Tá an chuma oraibh go bhfuil sibh ar an bhealach seo ar go leor slite. D'inis sibh dúinn go n-úsáideann sibh an Fheirm Bhaile agus an polathollán ar an bhealach seo. Ba léir ó na ceapóga ardaithe ag an Fheirm Bhaile go gcuirtear bia ar fáil go háitiúil.

Chuir sibh in iúl freisin go mbíonn Angela an gairneoir ag múineadh ranganna chun an pobal a spreagadh le glasraí a fhás, agus an aeráid agus ithreacha áitiúla á dtabhairt san áireamh. Úsáidtear an polathollán, dar libh, chun bhur bplandaí a iomadú ó shíolta agus gearrhóga. Maith sibh. Tá bhur gceardaithe cruthaitheacha ag múineadh bhur mball faoi scileanna uaschúrsála, athúsáide agus úsáid éifeachtúil ábhar. Tá ábhar tionscnaimh anseo! Tacaíonn sibh freisin leis an gheilleagar chiorclach trí roinnt imeachtaí athchúrsála ar nós an Siopa Glas ag An Cosán. Thug muid faoi deara go bhfuil mol athchúrsála agus siopa carthanachta Ospíse sa bhaile; glacann sibh páirt freisin in WEEE agus déanann sibh múirín. An mbailíonn sibh fearthainn? Díreoidh bhur siúlán uisce nua, a d'inis sibh dúinn, ar thábhacht an uisce agus an chaomhnaithe uisce. An spreagann sibh úsáid na scéime éarlaise sna scoileanna? Insígí dúinn má tá na scoileanna agus cumainn spóirt ag baint úsáid as stáisiúin athlúnta uisce nó athdháileadh éadaí scoile/trealaimh spóirt. Tá scéim iasachta bosca cóisire ag bhur leabharlann, d'inis sibh dúinn. Cad a tharlaíonn ag imeachtaí pobail, insígí dúinn conas a spreagann sibh cleachtais inbhuanaithe? Ina theannta sin, tugaigí sonraí faoi pheleananna fuinnimh inbhuanaithe, go háirithe d'fhoirgnimh phoiblí. Glacann muid go bhfuil seirbhís naisc tuaithe agaibh – an mbaintear mórán úsáide as? An spreagann bhur scoileanna taisteal gníomhach – siúl/rothaíocht? Ba mhaith linn cloisteáil faoin mhéid sin an bhliain seo chugainn.

Tidiness and Litter Control / Slachtmhaireacht agus Rialú Bruscair:

Is cinnte go bhfuil Béal an Mhuirthead tagtha le chéile chun dul i ngleic le bruscar agus luifearnach sa bhaile agus sna ceantair chósta araon. Glacann sibh páirt i nGlantachán an Earraigh agus na Cóstaí Glana agus tá patról bruscair rialta Domhnaigh agaibh, agus amanna eile nuair atá gá leis. Is dea-scéal é go bhfuil cabhair ar fáil agaibh ó bhur scoláirí Idirbhliana, Foróige, gnólachtaí, Comhairle Contae Mhaigh Eo, RWA, WCA agus go háirithe bhur n-arm bainteoirí. Feiceann muid go ndíríonn sibh ar réimsí baoil ar nós an bhainc buidéal, an chlóis súgartha agus Páirc Bheo. Thaispeáin sibh neart grianghraf de bhur n-obair chrua, maith sibh. Ba léir torthaí na hoibre seo ar fad ar lá na cuairte, agus chuaigh glaineacht agus slachtmhaireacht an bhaile go mór i bhfeidhm orainn. Ba chúis áthais dúinn gur athchóiríodh cuid de na foirgnimh sa bhaile. Thug muid roinnt paistí beaga bruscair faoi deara feadh na canálach ar thaobh Bhóthar na Scoile. Bhí aird de dhíth ar roinnt láithreacha suíochán poiblí freisin, thug muid faoi deara go raibh deisiúchán á dhéanamh ar chuid acu. Bhí tailte na heaglaise Protastúnaí measartha míshlachtmhar, murab ionann agus a bheith fágtha don fhiadhúlra, agus bhí cuid smionagair laistigh den chúirtealáiste. Thug muid faoi deara bhur nótaí maidir leis na scéalchláir a bhfuil aird de dhíth orthu, agus ní mór cinn nua a chur ina n-áit. Mar sin féin, bhí bail iontach ar thoscáin sráide eile amhail na boscaí bruscair, na boscaí salachair madraí, na boird faisnéise ag na dugaí agus an chomharthaíocht treorach go ginearálta. Mar sin, seachas an fíorbheagán eisceachtaí, is beag nach raibh bhur mbaile saor ó bhruscar. Déanaigí comhghairdeas le bhur n-oibrithre deonacha ar fad a d'oibrigh go díograiseach chun an baile agus na cóstaí a choinneáil néata slachtmhar.

Residential Streets & Housing Areas / Sráideanna Cónaithe & Ceantair Tithíochta:

Tá roinnt sráideanna cónaithe le tithíocht sraithe níos sine orthu, agus tá an mhórchuid acu seo á gcoinneáil go maith, dea-phéinteáilte, go háirithe iad siúd ar Shráid na Beairice agus Sráid na hEaglaise. Tarraingíodh ár n-aird ar an fhorbairt chónaithe inlúnta nua ar Shráid Mheiriceá, le plandú álainn ar imeall an bhealaigh. Tugadh moladh cheana don fhorbairt nua ag na Dugaí, arb áis iontach í do mhuintir na n-árasán. Bhí roinnt gairdíní deasa abaí sna heastáit níos sine, amhail Corrán an Athar. Tá mórchuid na bhforbairtí tithíochta nua ar Bhóthar an Tuir Ghlais. Thug muid faoi deara Cuan Oisrí, a bhí coimeádta go maith, agus is maith linn an tírdhreachú, an t-úllord agus an moilliú tráchtá ag Radharc an Choláiste. Bhí an féar anseo, le leibhéal íseal lomtha, clúdaithe le fearbáin, duáin cheannchosacha agus seamra, agus bhí na páistí in ann cluichí liathróide a imirt fós. Cé gur dea-choimeádta a bhí sé ar fad, agus go rabhtas ag tacú le spásanna oscailte móra, is mó tairbhe a bheadh i gceist le tuilleadh crann a chur i ngrúpaí ar na forbairtí tithíochta nua go ginearálta i gceantar Bhóthar an Tuir Ghlais. Cúis áthais é go bhfuil an oiread sin tithíochta suite in aice na meánscoileanna – an bhfuil naisc ann do choisithe ó na forbairtí seo chun na tailte scoile, seachas an príomhbhóthar? Is deas iad na suíocháin feadh Ocean View i gcomhair teagmháil phobail agus radhairc áille.

Approach Roads, Streets & Lanes / Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí:

Bhí radhairc ghleoite ar an bhaile agus an bá le feiceáil ar an bhealach isteach ar Bhóthar Bhéal an Átha. Coinnítear bail mhaith ar na cosáin agus thug muid faoi deara an réisim lomtha íseal ar imill na mbealaí. Toisc gur fada a théann an fhorbraíocht amach ar an bhóthar seo, tá an-fháilte roimh an síneadh ar na cosáin faoina inis sibh dúinn. Is deas an seoladh a thugann Óstán Broadhaven don bhóthar, agus tá an chomharthaíocht ghinearálta ciorruithe go maith. An-chonláiste agus deis fámaireachta iad láthair na Canálach, na Dugaí, agus an Gairdín Féileacán, agus tá siad ag baint tairbhe as bhur síor-uasghrádú. Tá comharthaíocht mhullaird aoibhinn ar Shiúlóid an Uisce agus is suimiúil an deis spaisteoireachta a bheidh ann nuair a chríochnófar é. Ní amháin go bhfuil radhairc ghalánta le feiceáil ar Bhóthar an Chladaigh, ach is promanád gleoite é a chríochnaíonn sa Linn Taoide spéisiúil, áit inar féidir leat sult a bhaint as caifé agus teach allais más ródhúshlánach a bheadh an snámh. Chonaic muid go n-úsáidtear an bealach seo i gcomhair reathaíochta freisin, agus tá ábhar conláiste in bhur dtogra chun an seanChé a uasghrádú. Is fearr a bheadh tuilleadh siúlbealaí ceangailteacha go Bóthar an Tuir Ghlais i gcomhair gluaiseachtaí ciorclacha laistigh den bhaile, agus ba cheart machnamh a dhéanamh ar breis ceangal le conláiste Chnoc an Chrotaigh agus an Pháirc Bheo freisin. Tá Bóthar an Bhaile Ghlaise an-mhealltach go fóill, d'ainneoin an gá atá leis na leapacha rósanna a bhainistiú – plandú leaba mealltach suntasach anseo, le haonaid tráchtála dea-choimeádta inrochtana, Aldi agus Brogans. Thiocfar Brogans a fheabhsú le balla íseal chun aghaidh a thabhairt ar an réimse phoiblí. Ní raibh fadhb ar bith againn leis na sráideanna a aithint – molann muid sibh as na comharthaí sráide a athchóiriú, bhí cuma iontach orthu.

Concluding Remarks:

Baile an-mhealltach é Béal an Mhuirthead le suíomh inmhaíte. Leanann sibh le neart aird a thabhairt ar an

oidhreacht nádúrtha, thógtha, agus stairiúil. B'aoibhinn linn léamh faoi bhur bpleananna don todhchaí. Leanaigí leis an dea-obair agus guíonn muid gach rath oraibh amach anseo.